

Scríbhneoirí i bParóiste an Chnoic

Brian Ó Baoill

Is fada siar a théann draíocht na scéalaíochta agus na scríbhneoir-eachta san bparóiste seo. I dtosach, tagann an scéal, agus bhí scéalaithe riamh ann. Rugadh Peadar Mac Thuathaláin, an seanchaí, i mBaile an Tí Mhóir timpeall na bliana 1865. Mar a dúirt Seán Mac Giollarnáth ina leabhar faoi Pheadar, *'ba i dteach Mháirtín Bhreathnaigh, fíodóir, ar an Lochán Beag, a d'fhoghlaim Peadar an seanchas, an scéalaíocht agus an ghontacht Ghaeilge.'*

Bhíodh Micheál Breathnach, (Micheál Taeda), a raibh aithne agus meas mór aige ar Pheadar, ag éisteacht le Máirtín Breathnach chomh maith. Mar a dúirt Micheál Breathnach i léacht: *'is maith liom beirt d'ainmniú thar barr, agus tús áite a thabhairt dóibh le méid a n-eolas ar stair agus ar litríocht na tíre, iontacht an chruinnithe amhrán agus filíochta atá acu, nár thógadar is nach bhfuadar i leabhar ná i léinn; acht a chualadar is a thógadar le feabhas a gcuimhne. 'Siad seo sean-Mháirtín Breathnach, agus a mhac Pádhraic.'*

Má bhí Máirtín Breathnach agus Peadar Mac Thuathaláin ina seanchaithe anseo ar an Lochán Beag agus i mBaile an Tí Mhóir sa naoú céad déag, sheas Tom Phaidí Mac Diarmada agus Tom Bheartla Tom Ó Flatharta an fód sa bhfichiú céad agus san aonú céad ar fhichead.

Tá sé deacair a rá cén uair a thosaigh an scríbhneoireacht chruthaíoch sa bparóiste. Bhí Micheál Taeda Breathnach, a raibh cónaí air ar an Lochán Beag, ag scríobh ag tús na haoise atá caite agus a d'fhoilsigh *'Seilg i Measc na nAlp'*, altanna agus eile. Ansin tháinig *'An Bollsgaire'* Irisleabhar Chumann Díospóireachta Chois Fharraige, cumann a bunaíodh sa mbliain 1933.

An Bollsgaire

Foilsíodh an chéad eagrán den *Bhollsgaire* i Mí na Nollag 1937. Colm Ó Finneadha (Cóil Phádraig Sheáin Bhairbre) a bhí ina Eagarthóir air agus Pádhraic Ó Flaithbheartaigh (Pádhraic Phait na Learaíthe as an Lochán Beag) ina Bhainisteoir. Ábhar an-spéisiúil a bhí sa chéad eagrán sin. Dán, *'Cladach an Locháin'* leis an Dochtúir Pádhraic Ó Finneadha, An Lochán Beag; alt, *'Leighis agus Luibheanna'* le Tom Phaidí Mac Diarmada; dán *'An tAthair Micheál Ó Gríobhtha'* le Seosamh Mac Donnchadha (Joe Shéamuís Sheáin); alt, *'Gach Glún ag Athrú'* le Pádhraic Ó Cúláin, Teach Mór, (Pádhraic Sheáinín Bheag); dán, *'Éagóir agus Leathtrom'* le Peaitín Tom Pheatsaí, Tulaigh Fhada, An Lochán Beag; scéal, *'An Fear a Bhí sa mBruighin'* a scríobh an

B'iontach an saothar é sin sa mbliain 1937. Nár bh iontach an saothar é a athfhoilsiú?

Dochtúir Pádhraic Ó Finneadha síos ó Sheán Ua Flaithbheartaigh (Seáinín Sheáin); dán, *'An Chúirt Bhréige'* le Pádhraic Ó Flaithbheartaigh, (Pádhraic Phait na Learaíthe); alt *'Ní Cainnt ach Gníomh'* le Máirtín Ó Flaithbheartaigh, Lochán Beag, (Máirtín Tom Pheatsaí); alt, *'I nÁrainn na Naomh'* le *'An Áithín'*; dán, *'An Imirce'* le Pádhraic Ó Flaithbheartaigh, An Lochán Beag; alt, *'Iasgach'* le

Máirtín Ó Tuairisg, (Máirtín Mór); agus bailiúchán, 'Sean-Rannta' a bhailigh Beartla Ó Flaithbheartaigh, An Tulaigh Fhada, (Máirtín Tom Pheatsaí), sa Lochán Beag. B'iontach an saothar é sin sa mbliain 1937. Nárbh iontach an saothar é a athfhoilsiú?

Bhí an páipéar 'Ar Aghaidh' á fhoilsiú ag an am sin chomh maith agus go leor tagairtí do Chois Fharraige ann. In eagrán 'Lughnasa, 1934,' mar shampla, tá alt faoin seanchlog a bhí i Scoil Shailearna. Tá alt, 'An Ghliomadóireacht' le Pádhraig Ó Cúláin, Teach Mór, agus tá grianghraf de na scoláirí a bhí ag freastal ar 'Árd-SGOIL MHICHÍL BHREATHNAIGH, AN CNOC' sa bhliain 1933.

Scríbhneoirí na linne seo

Anseo thíos tá scríbhneoirí a shaothraigh i bParóiste an Chnoic agus a bhfuil úrscéalta, gearrscéalta, drámaí, leabhair léannta, filíocht, amhráin, aistí agus leabhair theagaisc foilsithe acu. Tá cuid acu ar shlí na fírinne anois *.

Ní féidir Cothrom na Féinne a thabhairt don ábhar seo in alt gairid. Céard is féidir a dhéanamh ach iad a ainmniú: *Máirtín Ó Cadhain, úrscéalta, gearrscéalta, Ciarán Ó Concheanainn, filíocht, Micheál Ó Conghaile, drámaí, gearrscéalta, filíocht, *Seán Ó Conghaile, aistí, Siobhán Uí Chonghaile (Júidín na mBreathnach), amhráin, Máirtín Davy Ó Coistealbha, scéalta agus filíocht, *Máirtín Ó Curraidhin, filíocht, Gearóid Denvir, leabhair agus aistí léirmheasa agus filíocht, *Tom Pheaidí Mac Diarmada, filíocht, *Joe Shéamuis Sheáin Ó Donnchadha, filíocht, *An Mon. Eric Mac Fhinn, beathaisnéis, béaloideas, *Pádhraig Learaí Ó Finneadha, filíocht, Cóil Learaí Ó Finneadha, filíocht agus scéalta, Pádraig Ó Héalaí, leabhair bhéaloideas, Máire Uí Mhainnín, drámaí agus amhráin do ghasúir, *Seán Ó Mainnín, drámaí, Clíodhna Ní Mhurchú, filíocht, Joe Steve Ó Neachtain, úrscéalta, gearrscéalta, drámaí, filíocht, Darach Ó Scolaí, scéalta, Ruaidhrí Ó Tuathail, filíocht, Ruairí Ó Tuairisg, aistí, Seán Ó Tuairisg, leabhair theagaisc.

Tá scríbhneoirí teilifíse anois ann, an tonn nua a chuireann sceitimíní ar lucht féachana TG4, agus RTÉ, Niamh Ní Bhaoill, Greg Ó Braonáin, Jemma Bhreathnach, MacDara Ó Curraoin, Joe Steve Ó Neachtain, agus Darach Ó Scolaí, scriptscríbhneoirí do

Ros na Rún agus do chláracha eile Gaeilge.

Agus ansin tá na daoine óga i gColáiste Cholmcille, daoine óga a fuair spreagadh i dtreo na scríbhneoireachta óna múinteoir, Gertrude Nic an Iomaire. Is féidir linn a bheith dóchasach, mar thoradh ar a cuid oibre, ach an margadh a bheith ann dóibh, go mbeidh glúin nua scríbhneoirí ar fáil sa Pharóiste. Ghnóthaigh na scríbhneoirí óga seo 30 duais liteartha eatarthu le cúig bliana anuas: Dáire Ó hAinmhíre, Eoghainín Ó hAinmhíre, Maria Ní Bheoláin, Diarmaid Ó Ceallaigh, Rónán Ó Coileáin, Ciarán Ó Coincheanainn, Rónán Ó Conghaile, Síle Denvir, Deirdre Ní Dhroighneáin, Máire-Treasa Ní Dhubhghaill, Gearóid Ó Dubhghaill, Pádhraicín Ní Fhátharta, Páidín Ó Griallais, Daithí Ó Loideáin agus Ciarán Ó Tuathail.

An mbeidh an margadh ann dóibh? Beidh, má bhíonn léitheoirí ann. Sin é an dúshlán mór. An féidir

linn léitheoirí a chothú? Tugann Bord na Leabhar Gaeilge cúnamh d'fhoilsitheoirí agus do scríbhneoirí, spreagann Oireachtas na Gaeilge agus Cló Iar-Chonnachta scríbhneoirí trí chomórtais a chur ar fáil, tá córas díolacháin ag Bord na Gaeilge, ach ní léir go bhfuil sé mar chúram ar aon eagrais ar leith léitheoirí a fhorbairt. Tá gá leis, agus ar scála náisiúnta.

B'fhéidir go bhféadfaí é a dhéanamh trí Ghlór na nGael. **Nárbh iontach an spreagadh don scríbhneoireacht, agus don fhoilsitheoireacht, dá mbeadh ciorcal léitheoirí i ngach ceantar ina bhfuil Glór na nGael ag feidhmiú?**

An focal crua a bhí ag Máirtín Ó Cadhain do na heagrais Ghaeilge go minic, mar gur mheas sé iad a bheith mí-éifeachtach. Ach, bhí meas aige ar Ghlór na nGael. Is é a dúirt sé faoi Ghlór na nGael sa mbliain 1969:

"Sé Glór na nGael an cineál iarracht i mbaile a chuirfeadh óg agus aosta, saibhir agus bocht, fiú Gaeilgeoir agus neamh-Ghaeilgeoir ag saotharú i gcomhar agus i mbun cineálachaí éagsúil saothair. 'Sé an cineál rud é a dhéanfaidh áit chéadúil aistí féin i ngeall ar an nGaeilge agus a rinne Cumann Lúthchleas Gael áiteachaí ar bhealaigh eile.'

Sin scríbhneoir clúiteach ag caint linn. B'as an bparóiste seo é. B'fhiú éisteacht leis. Céard faoi ciorcal léitheoirí i ngach ceantar ina bhfuil coiste de chuid Ghlór na nGael?

(Má tá aon ní míchruinn nó aon easnamh ar an eolas san alt seo bheadh an scríbhneoir fíor bhuíoch don té a chuirfeadh é sin in iúl dó).



Micheál Ó Conghaile